**RÚN (AE) 2023/1946 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA**

**an 10 Bealtaine 2023**

**maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2021: feidhmíocht, bainistíocht airgeadais agus rialú**

TÁ PARLAIMINT NA HEORPA,

— ag féachaint do chinntí uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2021,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis an obair leantach ar urscaoileadh don bhliain airgeadais 2021 (COM(2022)0331,

— ag féachaint don tuarascáil bhliantúil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le Gníomhaireachtaí AE don bhliain airgeadais 2021, mar aon le freagraí ó na gníomhaireachtaí ([1]),

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ([2]), agus go háirithe Airteagail 68 agus 70 de,

— ag féachaint do Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 maidir leis an rialachán réime airgeadais le haghaidh comhlachtaí arna mbunú faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom, agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), agus go háirithe Airteagal 105 de,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint do thuairimí an Choiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta agus an Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile,

— ag féachaint do thuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0144/2023),

A. de bhrí go bhfuil barúlacha trasghearrthacha sa rún sin, do gach comhlacht de réir bhrí Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, a ghabhann leis na cinntí maidir le hurscaoileadh i gcomhréir le hAirteagal 262 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 agus Airteagal 3 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte;

B. de bhrí go bhfuil barúlacha trasghearrthacha sa rún sin freisin, le haghaidh Ghníomhaireacht Soláthair Euratom, a ghabhann leis an gcinneadh maidir le hurscaoileadh i gcomhréir le hAirteagal 262 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 agus Airteagal 3 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte;

C. de bhrí gur cheart do ghníomhaireachtaí an Aontais díriú ar mhisin a bhfuil breisluach Eorpach soiléir acu agus gur cheart eagrú na misean sin a bharrfheabhsú chun forluí a sheachaint ar mhaithe le leas cháiníocóir an Aontais;

1. ag moladh na ngníomhaireachtaí as a n-athléimneacht agus a n-iarrachtaí a rinneadh chun a n-ardchaighdeáin maidir le haschur oibre agus ardcháilíochta a choinneáil, in ainneoin na dteorainneacha a forchuireadh le linn an dara bliain de phaindéim COVID-19;

2. ag tabhairt dá haire, maidir leis na 33 gníomhaireacht dhíláraithe de chuid an Aontais, gurbh ionann an t-iomlán carnach do bhuiséad 2021 agus thart ar EUR 3 206 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanais, arb ionann é agus méadú thart ar 5 % i gcomparáid le 2020, agus EUR 3 090 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, méadú 6,88 % i gcomparáid le 2020; ag tabhairt dá haire thairis sin gur maoiníodh thart ar EUR 2 477 milliún as EUR 3 090 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí ó bhuiséad ginearálta an Aontais, arb ionann é agus 77,27 % de mhaoiniú iomlán na ngníomhaireachtaí in 2021 (i gcomparáid le 72,83 % in 2020); ag aithint thairis sin gur maoiníodh thart ar EUR 728 milliún le táillí agus muirir agus le ranníocaíochtaí díreacha ó thíortha rannpháirteacha (laghdú 12,15 % i gcomparáid le 2020);

([1]) IO C 412, 27.10.2022, lch. 12.
([2]) IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.
([3]) IO L 122, 10.5.2019, lch. 1.

3. ag tabhairt dá haire gur cúis bhuartha di go bhfuil buiséid chríochnaitheacha roinnt gníomhaireachtaí calctha i dtéarmaí ainmniúla ar feadh 6 bliana agus mar gheall ar bhoilsciú carntha, go dtéann fíorchumhacht cheannaigh an bhuiséid i laghad; ag tabhairt dá haire, maidir le leanúint den treocht sin, go gcuireann sé cumas na ngníomhaireachtaí a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh ar bhealach éifeachtach agus tráthúil i mbaol;

4. á chur in iúl gur geal léi conclúid Chúirt Iniúchóirí na hEorpa ('an Chúirt') ina tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaireachtaí an Aontais don bhliain airgeadais 2021 ('tuarascáil na Cúirte') gur athdhearbhaigh iniúchadh na Cúirte ar chuntais bhliantúla na ngníomhaireachtaí don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2021 agus ar an ioncam is bonn leo na torthaí dearfacha a tuairiscíodh sna blianta roimhe sin; ag tabhairt dá haire, áfach, go bhfuil gá le roinnt feabhsuithe i réimse na n-íocaíochtaí is bonn leis na cuntais, de réir na Cúirte;

**Príomhrioscaí arna sainaithint ag an gCúirt**

5. ag tabhairt dá haire, de réir a tuarascála, go measann an Chúirt go bhfuil an riosca foriomlán d'iontaofacht chuntais na ngníomhaireachtaí, arna mbunú trí na rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin a chur i bhfeidhm agus bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta idirnáisiúnta, go bhfuil an riosca íseal tríd is tríd, mar a tharla in 2020;

6. ag tabhairt dá haire, de réir a tuarascála, go measann an Chúirt go bhfuil an riosca foriomlán do dhlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bonn le cuntais na ngníomhaireachtaí íseal i gcás fhormhór na ngníomhaireachtaí, agus ar mheánriosca do na gníomhaireachtaí atá féin-mhaoinithe i bpáirt i gcás ina bhfuil rialacháin shonracha infheidhme maidir le táillí agus ranníocaíochtaí ioncaim eile a bhailiú, mar a tharla in 2020;

7. ag tabhairt le fios go measann an Chúirt go bhfuil an riosca do dhlíthiúlacht agus do rialtacht na n-íocaíochtaí is bonn le cuntais na ngníomhaireachtaí ar mheánriosca ar an iomlán, ag athrú ó íseal go hard do theidil shonracha buiséid; ag tabhairt dá haire go measann an Chúirt go bhfuil an riosca do Theideal I (Caiteachas Foirne) íseal go ginearálta, do Theideal II (Caiteachas Riaracháin) a bheith ar mheánriosca, agus do Theideal III (Caiteachas Oibríochtúil) a bheith idir íseal agus ard, ag brath ar an ngníomhaireacht atá i gceist agus ar chineál a caiteachais oibriúcháin; á chur i bhfios go measann an Chúirt go bhfuil an riosca maidir le Teideal III cosúil leis an riosca do Theideal II, ach ós rud é go bhfuil méideanna i bhfad níos airde i gceist faoi Theideal III, meastar go bhfuil an tionchar níos airde;

8. á thabhairt dá haire go measann an Chúirt go bhfuil an riosca do bhainistíocht fhónta airgeadais ar mheánriosca, a bhaineann go príomha le nósanna imeachta soláthair phoiblí nár cinntíodh gur baineadh amach an luach ar airgead is fearr ab fhéidir;

9. ag tabhairt dá haire go measann an Chúirt go bhfuil an riosca do bhainistiú buiséid íseal, agus go dtaispeánann iniúchadh na Cúirte gur tugadh anonn líon ard leithreasuithe a gealladh, ach go raibh údar maith leo de réir na Cúirte mar gheall ar nádúr ilbhliantúil na n-oibríochtaí nó ar chúiseanna nach raibh neart ag na gníomhaireachtaí orthu;

10. ag tabhairt dá haire gur luaigh an Chúirt 'riosca eile' a bhaineann le paindéim COVID-19 a chuir isteach ar obair na Cúirte toisc gur chuir srianta taistil cosc uirthi seiceálacha ar an láthair a dhéanamh, doiciméid bhunaidh a fháil agus foireann na n-iniúchaithe a chur faoi agallamh aghaidh ar aghaidh; ag tabhairt dá haire agus á chur in iúl gur mór aici go ndearna an Chúirt a cuid oibre mar sin féin trí athbhreithnithe doiciméad agus trí chianagallaimh a dhéanamh ar na n-iniúchaithe; ag tabhairt dá haire gur mheas an Chúirt, d'ainneoin riosca braite méadaithe mar gheall nach raibh aon seiceálacha ar an láthair, gur chuir an fhianaise a fuair sí óna hiniúchaithe ar chumas na Cúirte fós a cuid oibre a chríochnú agus teacht ar chonclúidí aisti;

11. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil sé dearbhaithe ag an gCúirt go bhfuil gníomhaíochtaí ceartaitheacha déanta ag na gníomhaireachtaí i bhformhór na gcásanna chun aghaidh a thabhairt ar bharúlacha iniúchóireachta na mblianta roimhe sin agus iarrann sí ar na gníomhaireachtaí uile lena mbaineann leanúint dá n-iarrachtaí obair leantach a dhéanamh ar bharúlacha na Cúirte atá fós ar siúl (39) nó atá fós gan réiteach (9), go háirithe i réimsí na gcóras bainistíochta agus rialaithe, na nósanna imeachta soláthair phoiblí agus na bainistíochta buiséadaí;

**Bainistíocht buiséid agus airgeadais**

12. á chur i bhfios go láidir agus é ina dhíol sásaimh di gur eisíodh, de réir thuarascáil bhliantúil na Cúirte, tuairim iniúchóireachta neamhcháilithe maidir le hiontaofacht chuntais na ngníomhaireachtaí uile; ag tabhairt dá haire freisin gur eisigh an Chúirt tuairim neamhcháilithe maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bonn leis na cuntais do na gníomhaireachtaí go léir; á thabhairt faoi deara gur eisigh an Chúirt tuairim neamhcháilithe maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bonn leis na cuntais do na gníomhaireachtaí uile, seachas Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA); ag tabhairt dá haire gur tharla an tuairim cháilithe le haghaidh eu-LISA mar gheall ar neamhrialtacht sé íocaíocht a rinneadh in 2021 le haghaidh EUR 18,11 milliún san iomlán i ndáil le roinnt creatchonarthaí, agus gurb ionann na híocaíochtaí sin agus 6,20 % de na leithreasuithe íocaíochta iomlána a bhí ar fáil in 2021;

13. ag tabhairt dá haire, maidir le hiontaofacht na gcuntas, gur eisigh an Chúirt mír maidir le 'béim ar ábhar' don Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA), don Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex) agus don Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE); ag tabhairt dá haire go raibh baint ag an mír 'béim ar ábhar' do EMA leis an tsaincheist leanúnach maidir leis an gcomhaontú léasa dá áitribh roimhe sin i Londain a mhaireann go dtí 2039, gan aon fhoráil a dhéanamh maidir le luathfhoirceannadh agus dliteanais fhéideartha a mheastar a bheith cothrom le EUR 383 milliún an 31 Nollaig 2021; ag tabhairt dá haire go raibh baint ag an mír 'béim ar ábhar' do Frontex le ríomh mícheart na ranníocaíochtaí ó thíortha nach bhfuil i limistéar Schengen neamh-AE a bhfuil EUR 2,6 milliún níos lú ná mar ba cheart a bheith íoctha acu le buiséad Frontex in 2021; ag tabhairt dá haire go raibh an mhír 'béim ar ábhar' do EIGE bainteach le dliteanas teagmhasach (EUR 22 000) ina chuntais a d'fhéadfaí a thabhú i gcás cúirte leanúnach a bhaineann le hoibrithe gníomhaireachta sealadacha;

14. ag tabhairt dá haire, maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bonn le cuntais na ngníomhaireachtaí, gur eisigh an Chúirt mír 'béim ar ábhar' do Frontex, inar tugadh gealltanas buiséadach dar dáta an 21 Nollaig 2020 anonn go 2021 gan tacaíocht ó ghealltanas dlíthiúil roimh dheireadh 2020; ag tabhairt dá haire i dtuarascáil na Cúirte gur thug Frontex aghaidh ar an neamhchomhlíonadh sin trí bhíthin gealltanais dhlíthiúla ina dhiaidh sin le linn 2021;

15. ag tabhairt dá haire tuairim na Cúirte maidir le ranníocaíochtaí ó thíortha comhlachaithe go bhfuil baol ann go gcuirfear na comhaontuithe ranníocaíochta sin chun feidhme go hearráideach le modhanna éagsúla sna comhaontuithe chun ranníocaíochtaí a ríomh; ag tabhairt dá haire gur iarr an Chúirt ar na gníomhaireachtaí lena mbaineann dul i gcomhairle leis an gCoimisiún chun a mheas an gá dóibh ailíniú le comhaontuithe ranníocaíochta an Choimisiúin agus le modhanna ríofa ranníocaíochtaí na dtíortha comhlachaithe;

16. ag tabhairt dá haire barúlacha na Cúirte maidir le leibhéil iomarcacha tabhairt anonn agus rátaí arda íocaíochtaí déanacha do dheich ngníomhaireachtaí, ina bhfuil laigí (saincheist struchtúrach, pleanáil lag bhuiséadach nó sárú féideartha ar phrionsabail bhuiséadacha na bliantúlachta) do thrí ghníomhaireacht go háirithe, i.e. Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER), eu-LISA, agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA); á áitiú go láidir go n-urramófar prionsabal buiséadach na bliantúlachta; ag teacht leis an moladh ón gCúirt gur cheart do na gníomhaireachtaí lena mbaineann tuilleadh feabhais a chur ar a bpleanáil buiséid agus ar a dtimthriallta cur chun feidhme chun moilleanna iomarcacha i gcur chun feidhme clár oibre nó pleananna soláthair a sheachaint;

17. ag tabhairt dá haire, áfach, go bhfuil leibhéal na tabhartha anonn airde i gcásanna áirithe mar thoradh freisin ar thosca nach bhfuil smacht ag na Gníomhaireachtaí orthu, amhail méadú ar nádúr a ngníomhaíochtaí ar thréimhsí ilbhliantúla, nó an gá atá le dul ar ais chuig conraitheoirí seachtracha thar thréimhsí a leanann níos faide ar aghaidh ná an bhliain airgeadais, mar gheall ar ghanntanas foirne;

18. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé idirphlé gníomhach a bhunú agus a choinneáil idir an Coimisiún agus na gníomhaireachtaí maidir le hacmhainní iomchuí a leithdháileadh agus maidir le ceapadh na bpleananna bunaíochta faoi seach, i gcomhréir le cuspóirí beartais agus uaillmhianta an Aontais atá ag méadú le blianta beaga anuas agus a bhfuil cúraimí agus sainorduithe nua agus leathnaithe mar thoradh orthu do roinnt gníomhaireachtaí;

**Feidhmíocht**

19. ag tabhairt dá haire go n-úsáideann gach gníomhaireacht córais éagsúla príomhtháscairí feidhmíochta (KPInna), aschuir bheartaithe nó spriocanna straitéiseacha a leagtar síos mar chuid dá dtomhas feidhmíochta; ag moladh na ngníomhaireachtaí a bhfuil rátaí cur chun feidhme dá gClár Oibre Bliantúil (AWP) acu ar mó iad ná 95 % in 2021; ag iarraidh ar na gníomhaireachtaí uile tuarascáil a thabhairt don údarás um urscaoileadh maidir le ráta cur chun feidhme a AWP mar fhigiúr comhdhlúite arna shloinneadh mar chéatadán; á chur in iúl gur mór aici go ndearna na Gníomhaireachtaí na KPInna a chomhlíonadh agus gur tharraing siad aird ar bhearta lenar féidir éifeachtúlacht agus éifeachtacht a gcuid oibre a fheabhsú; á iarraidh ar na Gníomhaireachtaí áfach, go dtabharfaidh siad aird ar na táscairí nár baineadh amach go fóill nó atá tite ar gcúl;

20. ag tabhairt dá haire éachtaí agus rath na ngníomhaireachtaí uile in 2021, an dara bliain de phaindéim COVID-19 agus dúshláin ar leith ag gabháil léi do na gníomhaireachtaí atá ag feidhmiú i réimse an cheartais agus gnóthaí baile, san iompar agus i réimsí a bhaineann le cúrsaí leighis;

21. á chur i bhfáth go bhfuil ról luachmhar ag gníomhaireachtaí an Aontais maidir le cabhair a thabhairt d'institiúidí an Aontais beartais a dhearadh agus a chur chun feidhme, go háirithe maidir le cúraimí sonracha teicniúla, eolaíocha, oibriúcháin agus bainistíochta a dhéanamh; á chur in iúl gur mór aici an saineolas ar ardchaighdeán agus an obair ar ardchaighdeán a dhéanann an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop), an Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound), an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA), European Training Foundation (ETF) agus an tÚdarás Eorpach Saothair (ELA) agus na gníomhaireachtaí atá ag obair i réimse na fostaíochta, na ngnóthaí sóisialta agus an chuimsithe agus a thábhachtaí atá an obair sin; á athdhearbhú, i ndáil leis sin, gur gá foireann a sholáthar do na gníomhaireachtaí ar leibhéal atá i gcomhréir leis na cúraimí atá sannta dóibh, ar a mbeidh líon foirne leordhóthanach atá fostaithe ar bhealach cobhsaí agus acmhainní ábhartha leordhóthanacha acu; ag athdhearbhú, dá bhrí sin, gur gá a áirithiú go bhfuil acmhainní leordhóthanacha daonna agus airgeadais ann ionas gur féidir leo leanúint dá gcláir oibre a chur chun feidhme le ráta críochnaithe gníomhaíochta an-ard; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá gach gníomhaireacht agus an breisluach a bhaineann leo ina réimse saineolais mar aon lena neamhspleáchas; á athdhearbhú go n-éilítear idirphlé sóisialta ar ardchaighdeán freisin le dea-fheidhmiú na ngníomhaireachtaí;

22. á mheabhrú go bhfuil an malartú bliantúil tuairimí i gcoiste EMPL maidir le cláir oibre bhliantúla agus straitéisí ilbhliantúla na ngníomhaireachtaí ríthábhachtach chun a áirithiú go mbeidh na cláir agus na straitéisí i gcomhréir leis na tosaíochtaí polaitiúla iarbhír, go háirithe i gcomhthéacs chur chun feidhme na bprionsabal a chumhdaítear i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta agus spriocanna Porto a bhaint amach;

23. á athdhearbhú an ról tábhachtach atá ag gníomhaireachtaí Ceartais agus Gnóthaí Baile (CGB) an Aontais toisc go bhfuil siad fíor-riachtanach chun beartais an Aontais a chur chun feidhme agus don tacaíocht thábhachtach a airithíonn siad d'institiúidí agus do chomhlachtaí an Aontais agus do na Ballstáit in earnálacha na gceart bunúsach, na slándála agus an cheartais trí chúraimí oibríochtúla, anailíse, bainistíochta agus faireacháin a dhéanamh; á athdhearbhú, dá bhrí sin, an gá atá le hacmhainní leordhóthanacha airgeadais agus daonna a chinntiú do ghníomhaireachtaí CGB; á thabhairt dá haire gur cheart do gach gníomhaireacht a sainorduithe a chomhlíonadh go héifeachtach;

24. á mheabhrú gurb iad na gníomhaireachtaí iad siúd is mó cáilithe measúnú a dhéanamh ar úsáid na n-acmhainní agus go bhfuil ról ríthábhachtach acu maidir le tacú le tionscadail inbhuanaithe cearta i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip; á iarraidh ar an gCoimisiún cistiú a áirithiú chun tacú le gníomhaireachtaí an Aontais an t-idirphlé sóisialta a bhaint amach; ag tabhairt dá haire go bhfuil ról ríthábhachtach ag gníomhaireachtaí an Aontais an t-idirphlé sóisialta le hinstitiúidí an Aontais a dhaingniú;

25. ag iarraidh ar na gníomhaireachtaí leanúint de shineirgí a fhorbairt (i réimsí amhail acmhainní daonna, soláthar, digitiú, bainistiú foirgneamh, seirbhísí TF agus cibearshlándáil), chomh maith le comhar agus malartú dea-chleachtas le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais d'fhonn éifeachtúlacht a fheabhsú, go háirithe i gcomhthéacs brúnna boilscitheacha; ag iarraidh ar na gníomhaireachtaí leanúint den tuairisciú don údarás um urscaoileadh maidir lena straitéis le haghaidh gnóthachain éifeachtúlachta a chur chun feidhme agus an straitéis sin a nuashonrú nuair is gá;

26. á iarraidh ar an gCoimisiún go ndéanfaí úsáid meastóireachtaí trasearnála ar ghníomhaireachtaí a mhéadú i gcomhthéacs sheiceálacha oiriúnachta an Choimisiúin ar na réimsí beartais éagsúla; ag tabhairt dá haire gur cheart don Choimisiún torthaí meastóireachta a úsáid chun sineirgí agus athruithe a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint, lena n-áirítear cumaisc, agus, i gcás inarb iomchuí, chun tograí reachtacha a ullmhú mar fhreagairt ar riachtanais athraitheacha;

27. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, go bhfuil dea-chomhar leanúnach ann na gníomhaireachtaí laistigh de shainchúram na hArd-Stiúrthóireachta um Fhostaíocht a mbíonn malartuithe rialta acu ag céim phleanála a gclár oibre agus a choinníonn a chéile ar an eolas faoi fhorbairtí agus faoi thorthaí;

28. ag tabhairt dá haire, ó thuarascáil na Cúirte, agus é ina ábhar imní di, nochtuithe dhá ghníomhaireacht Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) agus an Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA) ina dtugtar tuairisc ar an tionchar a bhí ag an gcogadh foghach i gcoinne na hÚcráine ar a gcuid gníomhaíochtaí; ag tabhairt dá haire, sa chomhthéacs sin, go bhfuil éileamh méadaithe ar chúnamh ó na Ballstáit a ghlacann le dídeanaithe ón Úcráin agus an cur isteach ar úsáid lainseálaithe Rúiseacha Soyuz do shatailítí Galileo; ag tabhairt dá haire, i ndáil leis sin, go bhfuil síniú an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le Creat Airgeadais idir EUSPA agus Gníomhaireacht Spáis na hEorpa, mar aon leis an gcomhar treisithe idir an dá ghníomhaireacht, ag cur ar chumas an Aontais rannchuidiú mar sholáthraí slándála don spás agus uathriail straitéiseach a bhaint amach;

**Beartas foirne**

29. ag tabhairt dá haire gur thuairiscigh na 33 ghníomhaireacht dhíláraithe in 2021 go raibh 9 631 ball foirne san iomlán fostaithe acu, ina bhfuil oifigigh, gníomhairí sealadacha, gníomhairí ar conradh agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht (i gcomparáid le 9 001 in 2020), arb ionann é agus méadú 7,00 % i gcomparáid le 2020; ag tabhairt dá haire gur tharla cuid den mhéadú, i.e. 0,93 %, mar gheall ar 84 bhall foirne a thabhairt isteach, den chéad uair, i ngníomhaireacht nua ELA, a tháinig chun bheith neamhspleách ó thaobh airgeadais de in 2021;

30. ag tabhairt dá haire, i gcás 5 ghníomhaireacht, go raibh cásanna tnáite (23 ar an iomlán) cláraithe agus gur ghlac cuid dá bhfostaithe ragobair i 13 ghníomhaireacht in 2021; ag tabhairt dá haire go háirithe gur ghlac líon ard fostaithe ragobair in EUAA (78 as 423 bhall foirne), an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) (117 as 516 bhall foirne), an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (EMCDDA) (78 as 110 ball foirne), an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA) (88 as 273 bhall foirne), EU-LISA (229 as 310 mball foirne) agus an Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) (583 as 979);

31. ag tabhairt dá haire go bhfuil bearta curtha i bhfeidhm ag na gníomhaireachtaí uile chun feabhas a chur ar fholláine na foirne ag an obair agus ar an gcothromaíocht oibre is saoil; ag tabhairt dá haire go bhfuil éagsúlacht shuntasach idir líon agus tionchar na mbeart sin ó ghníomhaireacht amháin go gníomhaireacht eile agus gur cosúil nach ann d'aon chreat coiteann tagartha ar fud na ngníomhaireachtaí; ag tabhairt dá haire, nach bhfuil aon bhearta i bhfeidhm go ginearálta chun daoine faoi mhíchumas a lánpháirtiú, ach amháin i roinnt gníomhaireachtaí;

32. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go raibh ráta láimhdeachais foirne níos mó ná 5 % i 16 as 33 ghníomhaireacht in 2021; ag moladh na ngníomhaireachtaí (e.g. an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EASA) as na bearta spriocdhírithe a ghlac siad chun rátaí arda láimhdeachais foirne a chosc; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé do na gníomhaireachtaí uile na bearta sin a chur chun feidhme;

33. á athdhearbhú gur cúis bhuartha di go bhfuil easnamh athfhillteach sainaitheanta ag an gCúirt a bhaineann le roinnt gníomhaireachtaí maidir leis an úsáid a bhaintear as foireann sheachtrach agus oibrithe eatramhacha; á iarraidh go dtabharfaí aghaidh ar spleáchas gníomhaireachtaí ar earcaíocht sheachtrach agus go gcloífí leis an dlí saothair is infheidhme; á chur in iúl gur cúis bhuartha di an easpa grádaithe cuí do phoist a bhainistíonn nósanna imeachta soláthair; á thabhairt dá haire breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) an 11 Samhain 2021 i gCás C-948/19 ([4]) ina measadh gur cuid de raon feidhme chur i bhfeidhm Threoir 2008/104/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) maidir le oibrithe gníomhaireachta sealadacha do ghníomhaireachtaí an Aontais; á iarraidh ar na gníomhaireachtaí brath a mhéid is féidir ar chomhaltaí foirne buana agus ar an gCoimisiún chun leithdháiltí iomchuí acmhainní daonna a áirithiú chun na críche sin;

34. á iarraidh ar an Líonra Gníomhaireachtaí AE (EUAN) go bhforbrófar beartas ginearálta lena dtabharfar tosaíocht do bhaill foirne bhuana seachas do chomhairleoirí seachtracha, ar mhaithe le dálaí oibre ar ardchaighdeán a ráthú, agus chun nach gcaillfear eolas agus taithí;

([4]) Breithiúnas ón gCúirt an 11 Samhain 2021, UAB „Manpower Lit" v E.S. agus Eile, C-948/19, ECLI:AE:C:2021:906.
([5]) IO L 327, 5.12.2008, lch. 9

35. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, na barúlacha ó thuarascáil na Cúirte maidir leis na laigí a bhaineann le heasnaimh i nósanna imeachta earcaíochta a aimsíodh in ocht ngníomhaireacht in 2021; á mheabhrú go mbaineann easnaimh nós imeachta i nósanna imeachta earcaíochta an bonn de phrionsabail na trédhearcachta agus na córa comhionainne; ag iarraidh ar na gníomhaireachtaí lena mbaineann feabhas a chur ar a nósanna imeachta earcaíochta inmheánacha, i roinnt gnéithe, go háirithe próisis mheastóireachta agus fógraí folúntais;

36. ag tabhairt dá haire cothromaíocht inscne fheabhsaithe in 2021 i gcomparáid le 2020 ar leibhéal na bainistíochta sinsearaí, le 68 % fir agus 32 % mná (74,6 % agus 25,4 %, faoi seach in 2020) agus maidir leis an bhfoireann ar an iomlán le 50.26 % fir agus 49,73 % mná (52,7 % agus 47,3 %, faoi seach in 2020); ag tabhairt dá haire, thairis sin, gurbh ionann an chothromaíocht inscne a tuairiscíodh do bhoird bhainistíochta na ngníomhaireachtaí agus 62 % d'fhir agus 38 % de mhná, rud a léiríonn feabhas freisin i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin; ag iarraidh ar na gníomhaireachtaí oibriú chun feabhas breise a chur ar an gcothromaíocht inscne sa bhainistíocht shinsearach; ag iarraidh an athuair ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cothromaíocht inscne a urramú agus comhaltaí den bhainistíocht nó de na boird bhainistíochta á n-ainmniú agus á gceapadh; ag meabhrú uaillmhian na ngníomhaireachtaí ailíniú leis an gCoimisiún chun cothromaíocht inscne de 50 % a bhaint amach ar gach leibhéal dá bhainistíocht faoi dheireadh 2024;

37. á chur in iúl gur oth léi go bhfuil an comhionannas inscne in easnamh sa straitéis ilbhliantúil 2021-2027 i gcás EUAN; á iarraidh ar EUAN go ndéanfaí comhionannas inscne a chomhtháthú ina straitéisí;

38. á athdhearbhú gur cúis bhuartha di méid mór na mbord bainistíochta i ngníomhaireachtaí áirithe (e.g. Cedefop, EU-OSHA, Eurofound), rud a fhágann go bhfuil sé deacair cinntí a dhéanamh agus go ngintear costais shuntasacha riaracháin; ag tathant ar an gCoimisiún go ndéanfadh sé togra oiriúnach ina leith sin;

39. ag tabhairt dá haire gur chruthaigh EUAN in 2021 Meitheal (WGDI) a bhí dírithe ar shaincheisteanna i réimse na hÉagsúlachta agus an Chuimsithe (D&I) do na gníomhaireachtaí uile; ag tabhairt dá haire gur fhorbair agus gur fhormhuinigh WGDI Cairt maidir le D&I, le cúig ghealltanas, lena n-áirítear éagsúlacht agus cuimsiú a áirithiú ar fud na conaire gairme, ó earcaíocht go hardú céime agus soghluaisteacht, agus an sprioc 40 % den inscne tearcionadaithe i bpoist mheánbhainistíochta a bhaint amach i ngach gníomhaireacht; á iarraidh ar na gníomhaireachtaí uile an Chairt sin a ghlacadh agus a chur chun feidhme; á chur in iúl gur geal léi na gníomhaíochtaí breise a rinne WGDI, amhail suirbhé maidir le D&I a sheoladh i measc fhoireann na ngníomhaireachtaí, teagmhálacha agus comhaontuithe comhair a bhunú leis an gCoimisiún agus le Parlaimint na hEorpa chun dea-chleachtais agus smaointe nuálacha a mhalartú, agus plean gníomhaíochta a fhorbairt do 2022 ina moltar 29 ngníomhaíocht do ghníomhaireachtaí chun prionsabail na héagsúlachta agus an neamh-idirdhealaithe a leagtar amach i Rialacháin Foirne an Aontais a chur chun cinn ar bhealach comhchuibhithe ar fud an líonra; ag iarraidh ar EUAN leanúint de thuairisciú a dhéanamh don údarás um urscaoileadh maidir leis an dul chun cinn a rinneadh sna hábhair sin;

40. ag tabhairt dá haire go leanann cothromaíocht gheografach fhoireann ghníomhaireachtaí díláraithe an Aontais daonra na mBallstát mar chéatadán de AE27 níos dlúithe ná cothromaíocht gheografach fhoireann an Choimisiúin; á chur in iúl gur oth léi tearcionadaíocht do shé Bhallstát, róionadaíocht d'ocht mBallstát déag agus gar-chothromaíocht do thrí Bhallstát; á mheas, mar chuspóir, gur cheart do na gníomhaireachtaí iarracht chomhchoiteann a dhéanamh chun ionadaíocht gheografach a fheabhsú ar an iomlán; ag iarraidh, sa chiall sin, ar EUAN iarrachtaí a chomhordú ar fud na ngníomhaireachtaí chun plean agus na bearta cothrománacha is gá a chur chun cinn lena bhféadfar an cuspóir sin a bhaint amach;

41. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé beartas fadtéarmach AD a fhorbairt maidir le cothromaíocht oibre is saoil, treoir ar feadh an tsaoil agus deiseanna oiliúna sonracha a thairiscint d'fhorbairt gairme, cothromaíocht inscne ar gach leibhéal foirne, teilea-obair, an ceart chun dícheangail, cothromaíocht gheografach a fheabhsú chun ionadaíocht iomchuí a bheith acu ó na Ballstáit uile, agus earcú agus lánpháirtiú daoine faoi mhíchumas, chomh maith lena gcóir chomhionann agus a ndeiseanna a chur chun cinn;

42. ag tabhairt dá haire go bhfuil beartas agus bearta curtha i bhfeidhm ag na gníomhaireachtaí uile dá bhfoireann uile chun ciapadh a chosc agus a chomhrac, agus go bhfuil bearta sonracha (e.g. seisiúin oiliúna, feasachta nó cóitseála) i bhfeidhm ag roinnt de na gníomhaireachtaí don ardbhainistíocht agus don mheánbhainistíocht; ag tabhairt dá haire freisin gur thuairiscigh na gníomhaireachtaí go raibh 24 chás ciaptha a bhí fós ar siúl nó dúnta acu in 2021; ag tabhairt faoi deara, i roinnt gníomhaireachtaí (e.g. EUAA), le haghaidh nósanna imeachta a bhaineann le foireann (e.g. cásanna ciaptha), go n-iarrtar tacaíocht ó ghnólachtaí dlí sheachtraigh atá speisialaithe i ndlí seirbhíse sibhialta an Aontais (Rialacháin Foirne an Aontais), fiú nuair atá a n-aonad seirbhísí dlí féin ag na gníomhaireachtaí; ag iarraidh ar na gníomhaireachtaí, i gcás inarb infheidhme, tuairisciú don údarás um urscaoileadh maidir leis na cásanna foirne uile ina bhfuarthas tacaíocht na ngnólachtaí sin sna blianta 2017 go 2022;

43. á mheabhrú breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CJEU) an 11 Samhain 2021 maidir le oibrithe eatramhacha a úsáid, ina dtugtar aghaidh ar roinnt ceisteanna a bhaineann le cur i bhfeidhm Threoir 2008/104/CE maidir le hoibrithe gníomhaireachta sealadacha do ghníomhaireachtaí an Aontais; á iarraidh ar na gníomhaireachtaí a bhfuil oibrithe eatramhacha acu dlús a chur lena n-iarrachtaí chun líon na n-oibrithe eatramhacha a thagann in ionad baill foirne, a laghdú;

**Soláthar**

44. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur thug an Chúirt faoi deara go raibh 34 laige sa soláthar poiblí in 2021 (i gcomparáid le 18 in 2020) agus go bhfuil méadú ag teacht ar líon na ngníomhaireachtaí lena mbaineann, le 19 ngníomhaireacht bainteach leis in 2021 (i gcomparáid le 9 ngníomhaireacht in 2020); ag tabhairt dá haire, thairis sin, go bhfuil na laigí sin fós ar an bhfoinse is mó d'íocaíochtaí neamhrialta, a eascraíonn as nósanna imeachta soláthair neamhrialta a tuairiscíodh in 2021 nó sna blianta roimhe sin; ag teacht leis an moladh ón gCúirt nár cheart do na gníomhaireachtaí lena mbaineann, agus creatchonarthaí á gcur chun feidhme acu, ach conarthaí sonracha a úsáid chun earraí nó seirbhísí a chumhdaítear leis an gcreatchonradh gaolmhar a fháil; á chur in iúl go n-aontaíonn sí freisin leis an moladh ón gCúirt gur cheart do na gníomhaireachtaí lena mbaineann a nósanna imeachta soláthair phoiblí a fheabhsú tuilleadh, agus comhlíonadh iomlán na rialacha is infheidhme á áirithiú;

45. á chur in iúl gur geal léi an úsáid mhéadaithe a bhaineann gníomhaireachtaí an Aontais as uirlisí ríomhsholáthair agus an ról tábhachtach a bhí acu chun leanúnachas gnó a áirithiú don soláthar faoi choinníollacha teilea-oibre; ag tabhairt dá haire gurb iad na modúil r-PRIOR is coitianta a úsáideann gníomhaireachtaí ríomhthairiscint, ríomhaighneacht tairiscintí agus ríomhshonrascadh agus gur chuir roinnt gníomhaireachtaí an Public Procurement Management Tool [Uirlis Bainistíochta um Sholáthar Poiblí] chun feidhme le linn 2021; ag moladh na ngníomhaireachtaí (an Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh (CdT), an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE), an Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA) agus an European Securities and Markets Authority (ESMA) a thuairiscigh go ndearna siad a bpróisis soláthair a dhigitiú go hiomlán;

46. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé do na nósanna imeachta soláthair uile, iomaíocht chothrom idir tairgeoirí a áirithiú agus earraí agus seirbhísí a sholáthar ar an bpraghas is fearr, agus prionsabail na trédhearcachta, na comhréireachta, na córa comhionainne agus an neamh-idirdhealaithe á n-urramú; ag iarraidh ar na gníomhaireachtaí uile uirlisí TF ríomhsholáthair arna bhforbairt ag an gCoimisiún a chur chun feidhme agus ag iarraidh ar an gCoimisiún na nósanna imeachta agus na teimpléid sna treoirlínte soláthair a shoiléiriú agus a thabhairt cothrom le dáta;

**Coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, agus trédhearcacht**

47. ag tabhairt dá haire, cé is moite de ghníomhaireacht amháin, go bhfuil beartas i bhfeidhm ag na gníomhaireachtaí uile chun coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú; á áitiú gur gá tacair chórasacha rialacha maidir le trédhearcacht, neamh-chomhoiriúnachtaí, coinbhleachtaí leasa agus cásanna 'dorais imrothlaigh', agus brústocaireacht neamhdhleathach, chomh maith le straitéisí frithchalaoise, a chur i bhfeidhm nó a thabhairt cothrom le dáta go rialta; ag iarraidh, thairis sin, ar na gníomhaireachtaí uile straitéis inmheánach frithéillithe a fhorbairt; ag iarraidh ar na gníomhaireachtaí leanúint de thuairisciú a dhéanamh don údarás um urscaoileadh maidir leis an dul chun cinn atá déanta sna hábhair sin;

48. ag iarraidh ar na gníomhaireachtaí, i gcás inarb infheidhme, a bheith rannpháirteach sa chomhaontú idirinstitiúideach nuabhunaithe maidir le clár trédhearcachta éigeantach d'ionadaithe leasa, arna shíniú ag an gCoimisiún, ag an gComhairle agus ag an bParlaimint; ag tabhairt dá haire, mar gheall ar chineál a ngnó, nach mbíonn cruinnithe ag roinnt gníomhaireachtaí (e.g. an Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC), an Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL), CdT) le brústocairí;

49. ag tabhairt dá haire go n-iarrann na gníomhaireachtaí uile dearbhuithe leasa do chomhaltaí a mbord bainistíochta agus dá lucht bainistíochta sinsearaí agus go bhfoilsítear iad ar a suíomh gréasáin;

50. ag tabhairt dá haire go bhfoilsíonn formhór na ngníomhaireachtaí ar a suíomh gréasáin curriculum vitae (CV) nó cur síos gearr ar chúlra chomhaltaí a mbord bainistíochta, a bhfoirne bainistíochta, a saineolaithe seachtracha agus a saineolaithe inmheánacha; ag tabhairt dá haire go bhfuil CVanna neamhiomlán nó in easnamh ó na suíomhanna gréasáin faoi seach don Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC), an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) agus an EEA an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (saineolaithe inmheánacha), Frontex, an Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh ERA agus ESMA (saineolaithe inmheánacha agus seachtracha araon), Cedefop (cuid dá chomhaltaí boird bainistíochta agus dá chomhaltaí malartacha), EU-OSHA (comhaltaí an bhoird bainistíochta agus comhaltaí malartacha); ag meabhrú do na gníomhaireachtaí go bhfuil sé tábhachtach trédhearcacht chúlra a gcomhaltaí ar a mbord bainistíochta, a bhfoireann bainistíochta agus saineolaithe seachtracha agus inmheánacha a mhéadú; ag iarraidh ar EUAN comhordú a dhéanamh ar iarrachtaí i measc a chuid ballghníomhaireachtaí chun CVanna na gcomhaltaí, na foirne agus na saineolaithe sin a fhoilsiú ar a suíomhanna gréasáin, de bhrí gur cheart go n-áireofaí taithí ghairmiúil agus oideachas ar a laghad sna CVanna sin;

51. á chur in iúl gur cúis bhuartha di tuairim na Cúirte go bhfuil baol ar leith ann do ghníomhaireachtaí maidir le cásanna ‘dorais imrothlaigh’ toisc iad a bheith ag brath ar fhoireann shealadach rud a fhágann go mbíonn láimhdeachas ardráta foirne, agus mar gheall ar a samhail rialaithe, lena n-áirítear boird ar gnách le comhaltaí a bheith ag fónamh orthu ar feadh téarmaí réasúnta gearr. ag aithint go bhfuil méadú breise tagtha ar an riosca i gcás gníomhaireachtaí áirithe mar gheall ar chumhachtaí rialála suntasacha nó naisc leis an tionscal; á chur in iúl gur geal léi sa chomhthéacs sin iniúchadh na Cúirte ar thopaic chothrománach a bhaineann le coinbhleachtaí leasa agus cásanna a d’fhéadfadh a bheith ann maidir le ‘doras imrothlach’ i dtuairim is 40 gníomhaireacht; ag tabhairt dá haire, i gcás an iniúchta sin, gur scrúdaigh an Chúirt cásanna idir 2019 agus 2021 inar ghlac baill foirne gníomhaireachta sinsearacha reatha nó iar-fhoireann gníomhaireachta sinsearacha post tar éis dóibh gníomhaireacht a fhágáil nó ina ndearna siad gníomhaíocht sheachtrach íoctha agus iad ag obair do ghníomhaireacht; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur fhéach an Chúirt freisin ar chásanna comhchosúla a rinne difear do chomhaltaí agus d’iarchomhaltaí de bhoird gníomhaireachtaí;

52. ag tabhairt faoi deara, agus é ina ábhar imní di, nár bhreithnigh ach 20 de na 40 gníomhaireacht a scrúdaigh an Chúirt aon chásanna a d’fhéadfadh a bheith ann do dhoras imrothlach a bhaineann lena gcomhaltaí foirne sinsearacha; ag tabhairt dá haire conclúid na Cúirte gur chomhlíon gníomhaireachtaí i gcoitinne na ceanglais dhlíthiúla is infheidhme; ag tabhairt dá haire, áfach, gur aimsigh an Chúirt i sé ghníomhaireacht (ACER, an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (EASA), ÚEÁPC, ENISA, Europol agus EUSPA) roinnt sáruithe nós imeachta maidir lena n-oibleagáidí dlíthiúla e.g. liosta de na cásanna a measúnaíodh a fhoilsiú, dul i gcomhairle leis an gComhchoiste nó cinneadh foirmiúil a eisiúint laistigh de 30 lá oibre; ag iarraidh ar na gníomhaireachtaí a nósanna imeachta agus a rialuithe inmheánacha a neartú a bhaineann le cásanna a d’fhéadfadh a bheith ann maidir le ‘doras imrothlach’ chun a áirithiú go gcomhlíonfar go hiomlán na rialacha is infheidhme dá bhforáiltear i Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach;

53. á chur in iúl gur saoth léi go mór neamhéifeachtúlacht agus neamhdhóthanacht an fhaireacháin ar chomhlíonadh na gceanglas agus na srianta maidir le ‘doras imrothlach’ ag foireann na ngníomhaireachtaí reatha agus iarfhostaithe na ngníomhaireachtaí; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, sa chomhthéacs sin, go bhféadfadh cásanna ‘dorais imrothlaigh’ neamhdhearbhaithe agus sáruithe ar shrianta a fhorchuirtear ar bhaill foirne atá ag imeacht i ndáil lena bpoist nua a bheith fós gan bhrath, rud a d’fhéadfadh a bheith ina gcúis le buntáistí éagóracha d’eintitis áirithe san earnáil phríobháideach i dtéarmaí faisnéise ón taobh istigh nó brústocaireachta; ag aithint go bhfuil an laige agus na rioscaí sin dlite do na hoibleagáidí teoranta a leagtar amach i gcreat dlíthiúil an Aontais sa réimse sin; ag moladh Oifig BEREC, ÚBE agus ESMA as nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm acu chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialacha is infheidhme i réimse an ‘dorais imrothlaigh’;

54. á aithint nach bhfuil feidhm ag na rialacha maidir le cásanna a d’fhéadfadh a bheith ann maidir le ‘doras imrothlach’ agus an riosca coinbhleachtaí leasa a bhaineann leo maidir le comhaltaí de bhoird gníomhaireachtaí, coistí eolaíocha, grúpaí saineolaithe agus comhlachtaí comhchosúla eile; ag tabhairt dá haire i dtuarascáil na Cúirte nach ndearna ach ceithre ghníomhaireacht measúnú, le linn na tréimhse iniúchta (2019-2021), ar aon chásanna a bhain le comhaltaí dá mboird, a ghlac le post nua nó le gníomhaíocht sheachtrach; á chur in iúl gur saoth léi nach ndearnadh measúnú ach ar 25 chás (i.e. 3,8 %) as 659 imeacht a bhain le comhaltaí de bhoird na ngníomhaireachtaí; ag moladh ÚBE, ÚEÁPC, an Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh (EIT), EMA, ESMA, Europol agus FRA) as forálacha sonracha a bheith i bhfeidhm lena gcumhdaítear an riosca go mbeadh ‘doras imrothlach’ ann i ndáil le comhaltaí dá mbord, in ainneoin an fholúis dhlíthiúil atá ann cheana;

55. ag iarraidh ar EUAN iarrachtaí a chomhordú chun na nithe seo a leanas a thabhairt isteach ina bhallghníomhaireachtaí uile: (i) cód iompair agus sraith rialacha do chomhaltaí a mboird bainistíochta, ina leagtar amach prionsabail, nósanna imeachta agus sásraí sonracha chun déileáil le coinbhleachtaí leasa na gcomhaltaí sin agus le cásanna 'dorais imrothlaigh'; (ii) nósanna imeachta maidir le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcinntí is infheidhme ag an bhfoireann reatha agus ag an iarfhoireann (lena n-áirítear baill foirne shinsearacha) i réimse an 'dorais imrothlaigh' agus na srianta gaolmhara; ag iarraidh, thairis sin, ar EUAN iarrachtaí a chomhordú chun na moltaí uile arna n-eisiúint ag an Ombudsman Eorpach i dTuarascáil Iniúchta an 28 Feabhra 2019 (cás SI/2/2-17/NF) a chur chun feidhme ina ballghníomhaireachtaí uile chun an cosc bliana ar bhrústocaireacht agus abhcóideacht a fhorfheidhmiú d'fhoireann shinsearach an Aontais a d'fhág an státseirbhís agus faisnéis a fhoilsiú go bliantúil maidir leis na cásanna a ndearnadh measúnú orthu chun na críche sin; ag aithint, áfach, go bhfuil easpa cumhachta ceangailtí sna moltaí sin agus á iarraidh ar an gCoimisiún an bhearna sin a dhruidim; ag iarraidh, tharis sin, ar EUAN tuarascáil a thabhairt don údarás um urscaoileadh maidir leis an dul chun cinn atá déanta sna hábhair sin;

56. ag tabhairt dá haire gur thuairiscigh formhór na ngníomhaireachtaí nach ndearna siad cásanna coinbhleachta leasa a imscrúdú nó a thabhairt i gcrích in 2021; á chur in iúl gur oth léi go mór, i roinnt gníomhaireachtaí, roinnt cásanna ina bhféadfadh coinbhleachtaí leasa a bheith ann (Cedefop: Cás amháin; EFSA: 13 chás; EIT: Cás amháin; Eurofound: Cás amháin; Europol: 2 chás) a tuairiscíodh maidir le painéil roghnúcháin, saineolaithe seachtracha, nósanna imeachta earcaíochta, nósanna imeachta soláthair agus deontais nó iarfhoireann ghníomhaireachta, mar shampla; ag tabhairt dá haire freagraí na ngníomhaireachtaí lena mbaineann maidir leis an obair leantach ar na cásanna tuairiscithe sin;

57. ag tabhairt dá haire go bhfuil beartas sceithirí i bhfeidhm ag na gníomhaireachtaí uile, agus go bhfuil cuid acu (EMA, EU-LISA) tar éis é a nuashonrú in 2021; ag iarraidh ar CEPOL bealaí tuairiscithe sonracha sábháilte a chur i bhfeidhm i gcomhréir le ceanglais ábhartha Threoir (AE) 2019/1937 ([6]) an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le sceithireacht; ag tabhairt faoi deara gur tuairiscíodh cásanna sceithireachta in 2021 ag ÚBE (1 chás dúnta), ag Frontex (3 chás: dúnadh ceann amháin agus cuireadh in iúl é do OLAF agus dhá chás atá fós ar siúl) agus ag EUSPA (cás amháin atá fós ar siúl); ag tabhairt dá haire, thairis sin, nach ndearna EMA tuairisciú ar aon chás sceithireachta inmheánacha, ach fuarthas 29 dtuarascáil ar chásanna sceithireachta seachtracha, agus dúnadh 23 chás díobh sin agus tá 6 chás fós ar siúl; ag iarraidh ar na gníomhaireachtaí lena mbaineann tuairisciú don údarás um urscaoileadh maidir leis an dul chun cinn atá déanta sna cásanna atá fós ar siúl; ag iarraidh ar gach gníomhaireacht seisiúin oiliúna athnuachana maidir le beartas sceithireachta a thairiscint go rialta dá bhfoireann uile, an topaic sin a chur san áireamh sna cláir ionduchtúcháin do nuatheachtaithe agus faisnéis maidir le sceithireacht a fhoilsiú ar leathanaigh gréasáin inlín na ngníomhaireachtaí;

**Rialú inmheánach**

58. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, torthaí na Cúirte i réimse na gcóras bainistithe agus rialaithe, inar chonacthas in 2021 laigí maidir le coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann, rialuithe *ex-ante*/*ex-post* in easnamh, bainistiú neamhleor ar ghealltanais bhuiséadacha agus dhlíthiúla agus mainneachtainí saincheisteanna a thuairisciú i gclár na n-eisceachtaí;

59. ag tabhairt dá haire i dtuarascáil na Cúirte go bhfuil forálacha i bhfeidhm ina rialacháin bhunaidh maidir le húdaráis mhaoirseachta Eorpacha (GES) chun a áirithiú go ngníomhóidh Comhaltaí a mBord Maoirseoirí go neamhspleách agus go hoibiachtúil ar mhaithe leis an Aontas; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, gur thuairiscigh an Chúirt saincheisteanna rialachais a rinne difear do GES i roinnt tuarascálacha speisialta sna blianta roimhe seo, inar mhol sí gur cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh ar athruithe a mholadh ar struchtúr rialachais GSE lena gceadófaí dóibh a gcumhachtaí a úsáid ar bhealach níos éifeachtaí, cé nár ghlac an reachtóir leis an struchtúr rialachais athbhreithnithe a bhí beartaithe ag an gCoimisiún in 2019; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur chuir an Coimisiún síos togra i mí Iúil 2021 chun údarás nua de chuid an Aontais a bhunú chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta (ÚFA) a chomhrac, a bhfuil caibidlíocht fós ar siúl ina leith;

60. ag tabhairt dá haire gur thuairiscigh na gníomhaireachtaí uile ag deireadh 2021 go raibh an creat rialaithe inmheánaigh (ICF) athbhreithnithe, bunaithe ar COSO curtha chun feidhme acu agus go ndearna siad an measúnú bliantúil ar ICF; ag iarraidh ar na gníomhaireachtaí go léir torthaí an mheasúnaithe ar leibhéal na gcomhpháirteanna a sholáthar ar a laghad, ag spreagadh na gníomhaireachtaí, áfach, chun tuairisciú a dhéanamh ar leibhéal níos mionsonraithe, amhail de réir phrionsabal an rialaithe inmheánaigh;

([6]) Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais (IO L 305, 26.11.2019, lch.17).

61. ag tabhairt dá haire, in 2021, de réir thuarascáil na Cúirte maidir leis an obair leantach ar bharúlacha na mblianta roimhe sin, gur dúnadh 67 mbarúil agus go raibh 48 mbarúil fós á gcur chun feidhme nó fós gan réiteach; ag iarraidh ar na gníomhaireachtaí na barúlacha a chur chun feidhme go dícheallach agus a gcreataí rialaithe inmheánacha a fheabhsú tuilleadh; ag tabhairt dá haire, ar deireadh, gur thuairiscigh 9 ngníomhaireacht go raibh cásanna OLAF fós ar siúl acu;

62. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé córais bhainistíochta agus rialaithe a neartú chun feidhmiú cuí na gníomhaireachtaí a áirithiú; á áitiú go láidir go bhfuil gá le córais éifeachtacha bainistithe agus rialaithe chun cásanna coinbhleachta leasa a d'fhéadfadh a bheith ann, rialuithe *ex-ante/ex-post* atá in easnamh, bainistiú neamhleor ar ghealltanais bhuiséadacha agus dhlíthiúla, agus mainneachtainí saincheisteanna a thuairisciú i gclár na n-eisceachtaí, a sheachaint;

**Digitiú agus an t-aistriú glas**

63. ag moladh na ngníomhaireachtaí uile go bhfuil bearta curtha i bhfeidhm acu ar leibhéil éagsúla chun a dtionchar ar an gcomhshaol a laghdú agus chun rannchuidiú dearfach a dhéanamh leis an bhforbairt inbhuanaithe agus leis an aeráidneodracht; ag tabhairt dá haire go mbaineann na bearta sin le soghluaisteacht inbhuanaithe na foirne, úsáid saoráidí níos glaise, bainistiú dramhaíola, laghdú ar thomhaltas páipéir agus tomhaltán, feabhas ar úsáid fuinnimh etc.; ag aithint, áfach, gur gá i roinnt gníomhaireachtaí (e.g. CEPOL) i bhfad níos mó a dhéanamh maidir lena mbearta inbhuanaitheachta comhshaoil; ag iarraidh ar na gníomhaireachtaí uile aistriú a luaithe is féidir chuig leictreachas glas, nuair is féidir ó fhoinsí in-athnuaite 100 % agus cealla grianphainéil a shuiteáil, i gcás inar féidir, ar dhíon a bhfoirgneamh;

64. ag tabhairt dá haire go bhfuil 6 ghníomhaireacht deimhnithe faoi EMAS (an Scéim um Éiceabhainistíocht agus um Éiciniúchóireacht), 19 ngníomhaireacht nach bhfuil deimhnithe faoi EMAS, agus i gcás 7 ngníomhaireacht tá an próiseas deimhniúcháin EMAS ar siúl faoi láthair; ag tabhairt dá haire nach bhfuil Soláthar Poiblí Glas (SPG) curtha chun feidhme ag formhór na ngníomhaireachtaí nó go bhfuil critéir ghlasa (comhshaoil atá soiléir agus infhíoraithe) á dtabhairt isteach acu de réir a chéile ina bpróisis soláthair phoiblí; ag iarraidh ar ghníomhaireachtaí uile dlús a chur le glacadh agus cur chun feidhme SPG ina iomláine; ag iarraidh ar na gníomhaireachtaí leanúint de thuairisciú a dhéanamh don údarás um urscaoileadh maidir leis an dul chun cinn atá déanta sna hábhair sin;

65. ag moladh do na gníomhaireachtaí uile pleananna gníomhaíochta ilbhliantúla maidir le glasú a ghlacadh ina n-áirítear gealltanais maidir le laghdú $CO_2$; ag moladh, ina theannta sin, do na gníomhaireachtaí tuarascálacha bliantúla comhshaoil a fhoilsiú ina ndéanfar measúnú, trí KPInna ábhartha, ar a bhfeidhmíocht chomhshaoil agus ar a lorg $CO_2$;

66. á thabhairt faoi deara gur bhliain thábhachtach a bhí in 2021 don chuid is mó de na gníomhaireachtaí a mhéid a bhaineann le bearta éagsúla a rinneadh chun cibearshlándáil agus cosaint na dtaifead digiteach atá ina seilbh ag na gníomhaireachtaí a neartú; á chur in iúl gur oth léi, áfach, nach bhfuil na bearta sin comhchuibhithe thar ghníomhaireachtaí; ag moladh réamhghníomhacht roinnt gníomhaireachtaí atá ullmhaithe chun nuashonrú a dhéanamh ar a mbeartais slándála córas faisnéise i bhfianaise an dá rialachán de chuid an Aontais atá ar na bacáin maidir le cibearshlándáil agus slándáil faisnéise in institiúidí agus i gcomhlachtaí an Aontais; ag iarraidh ar na gníomhaireachtaí uile déanamh dá réir i ndáil leis sin; ag spreagadh na ngníomhaireachtaí oibriú i ndlúthchomhar le ENISA; ag tabhairt faoi deara an tionscnamh ó EU-OSHA cur chun feidhme réitigh choitinn chun seirbhísí cibearshlándála a chur ar fáil do ghníomhaireachtaí beaga a chomhordú; ag tabhairt dá haire nár ghlac roinnt gníomhaireachtaí (BEREC, CEPOL) beartas cibearshlándála go fóill agus ag tathant orthu é sin a dhéanamh; ag iarraidh ar na gníomhaireachtaí cláir oiliúna nuashonraithe a bhaineann leis an gcibearshlándáil a chur ar fáil ar bhonn rialta dá bhfoireann uile;

67. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé digitiú na ngníomhaireachtaí a mhéadú ó thaobh oibriú agus bainistiú inmheánach de ach freisin chun dlús a chur le digitiú na nósanna imeachta; á chur in iúl gur geal léi go ndearna formhór na ngníomhaireachtaí dul chun cinn breise in 2021 maidir le digitiú agus barrfheabhsú a sreafaí oibre agus a nósanna imeachta, go háirithe i réimsí acmhainní daonna, nósanna imeachta airgeadais agus nósanna imeachta soláthair; ag moladh do na gníomhaireachtaí uile na bogearraí Ardshínithe agus Ríomhshínithe Cáilithe a ghlacadh agus a chur chun feidhme chun formheasanna agus sínithe a fháil ó chontrapháirtithe inmheánacha agus seachtracha araon i ndoiciméid soláthair agus chonarthacha;

**Leanúnachas gnó le linn ghéarchéim COVID-19**

68. á aithint go raibh dúshláin athnuaite a tháinig le linn na bliana 2021 a d'éiligh oiriúnú, nuálaíocht, athléimneacht agus solúbthacht faoi ghreim leanúnach phaindéim COVID-19 agus na neamhchobhsaíochtaí nua polaitiúla agus eacnamaíocha atá ag teacht chun cinn;

69. ag tabhairt dá haire go raibh an teilea-obair ríthábhachtach do leanúnachas gnó na ngníomhaireachtaí in 2021, agus d'éirigh leis freisin mar gheall ar infheistíochtaí na ngníomhaireachtaí i gcloschomhdháil agus i bhfíschomhdháil agus in uirlisí eile ar líne; ag tabhairt faoi deara ó fhreagraí na ngníomhaireachtaí go raibh tionchar neodrach nó dearfach ag an teilea-obair agus ag an obair hibrideach ar fheidhmíocht beagnach gach gníomhaireachta, agus measann roinnt gníomhaireachtaí go bhfuil ról suntasach ag an teilea-obair ó thaobh tallann a mhealladh agus a choinneáil; ag moladh do na gníomhaireachtaí na ceachtanna a foghlaimíodh maidir le cianmhodhanna oibre agus modhanna oibre hibrideacha a chur i bhfeidhm, chun cruinnithe agus cúraimí a d'fhéadfaí a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtúla a eagrú ar bhealach níos éifeachtaí ná iad féin a dhéanamh go pearsanta amach anseo; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go ndearna roinnt gníomhaireachtaí suirbhéanna i measc a bhfoirne chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na teilea-oibre, le torthaí a léiríonn taithí dhearfach fhoriomlán agus éifeachtúlacht mhéadaithe (a mheastar a bheith ann), ach, tugadh roinnt dúshlán le fios, lena n-áirítear nasc le daoine ó fhoirne eile agus braistint chomhuintearais a d'fhéadfaí a chur i mbaol; ag spreagadh na ngníomhaireachtaí uile an cinneadh ón gCoimisiún maidir le ham oibre agus obair hibrideach a ghlacadh agus a chur chun feidhme;

**Barúlacha eile**

70. á chur in iúl gur geal léi na céimeanna atá déanta ag na gníomhaireachtaí chun torthaí a gcuid oibre a nochtadh agus a fhoilsiú trí bhealaí éagsúla, lena n-áirítear a suíomhanna gréasáin agus na meáin shóisialta; ag tathant ar na gníomhaireachtaí dlús a chur lena n-iarrachtaí agus faisnéis ábhartha feidhmíochta a thuairisciú do shaoránaigh an Aontais agus don phobal i gcoitinne i dteanga shoiléir agus inrochtana chun trédhearcacht níos mó agus cuntasacht phoiblí a áirithiú trí úsáid níos fearr a bhaint as na meáin agus cainéil na meán sóisialta; ag dréim leis go ndéanfaidh na Gníomhaireachtaí tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh ina leith sin;

71. á mheabhrú go ndearna an Chúirt nósanna imeachta uathoibrithe iniúchóireachta a thriail ar bhonn píolótach in 2020 i réimse an iniúchta ar chuntais roinnt gníomhaireachtaí feidhmiúcháin; ag tabhairt dá haire gur leathnaigh an Chúirt úsáid na nósanna imeachta sin in 2021 chuig na gníomhaireachtaí uile, ach – i gcás gníomhaireachtaí díláraithe – go gcuireann an Chúirt deich nós imeachta i bhfeidhm a bhaineann le tuarastail amháin; ag tabhairt faoi deara ó thuarascáil na Cúirte na torthaí a baineadh amach go rathúil trí nósanna imeachta uathoibrithe a chur i bhfeidhm; á chur in iúl gur oth léi go bhfuil bearnaí in úsáid uirlisí caighdeánaithe TF (i ríomhsholáthar, agus airgeadas, cuntasaíocht agus tuairisciú) ina mbacainní tromchúiseacha ar an gCúirt úsáid teicneolaíocht iniúchóireachta digiteacha a leathnú chuig réimsí eile agus chuig na gníomhaireachtaí uile; á chur in iúl gur geal léi, mar sin féin, plean na Cúirte an teicneolaíocht sin a leathnú chun iniúchadh a dhéanamh ar sholáthar poiblí na ngníomhaireachtaí in 2022;

72. á mheas gur gá do EUAN níos mó a dhéanamh chun a bheith ina fhíor-lárionad comhordúcháin ar na gníomhaireachtaí agus chun rannchuidiú leis an gcomhar agus leis an malartú dea-chleachtas eatarthu a mhéadú d'fhonn, *inter alia*, a gcostais fheidhmiúla a laghdú; ag iarraidh ar na gníomhaireachtaí teacht ar chomhaontú maidir le leithdháileadh post páirtaimseartha breise (0,5 FTE) don EUAN óna gcairteacha eagrúcháin; ag iarraidh ar EUAN liosta nuashonraithe ar a mbeidh pointí teagmhála sna gníomhaireachtaí uile a chur ar fáil don údarás um urscaoileadh;

73. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig na gníomhaireachtaí atá faoi réir an nós imeachta um urscaoileadh seo, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí, agus a shocrú go ndéanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith L).